

SIAMSÁN SA MBAILE!

Mo Cheantar Féin! Píosa Ealaíne a chruthú

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Cruthaigh píosa ealaíne a bheidh bunaithe ar na rudaí is fearr leat faoi do cheantar féin.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr den togra chomh maith le do chuid sonraí teagmhála a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar gCéadaoin 8 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Mo Cheantar Féin, An Áit is Fearr ar Domhan!

- Cruthaigh píosa ealaíne bunaithe ar do cheantar féin!
- Is féidir pictiúr mór nó beag a tharraingt, a dhathú nó a mhaisiú, dealbh a dhéanamh, baile beag a chruthú, masc a dhéanamh nó ábhar a chruthú i réimse ar bith den ealaín.
- Seo roinnt nodanna duit le n-úsáid i do thogra: Tithe, spéir, talamh, do mhuintir féin, do chuid cairde, do pheata, an caitheamh aimsire is fearr leat, amhrán mór le rá ón gceantar nó rud ar bith a chuireann do bhaile féin i gcumhne duit nó a thaitníonn leat faoi do cheantar féin.
- Bain úsáid as na nithe seo a leanas: ábhar athchúrsáilte nó ábhar nádúrtha, rolla páipéar leithris, éadach nach n-úsáidtear níos mó, pacáistí bia, buidéil phlaisteacha, ábhair ón timpeallacht taobh amuigh, féar, duilleoga, géaga, clocha, feamainn, gaineamh srl
- Is féidir péint, criáin agus ábhair dhathúcháin eile a úsáid chomh maith. Dá mhéad ábhar a úsáidtear, is ea is fearr é!

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost tar éis an 29 Márta. Beifear i dteagmháil tríd an seoladh ríomhphoist sa chás is go dtiocfaidh aon athrú ar an dáta seo. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta